RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2056 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Meán Fómhair 2023

lena leasaítear na caighdeáin theicniúla cur chun feidhme a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 945/2014 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le liosta na n-innéacsanna arna n-éagsúlú go hiomchuí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a thabhairt cothrom le dáta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 344(1), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chun a áirithiú go leanfaidh na hinnéacsanna stoic a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 945/2014 ([2]) ón gCoimisiún de bheith ag comhlíonadh na gcoinníollacha maidir le neamhaird a thabhairt ar a riosca sonrach, tá athmheasúnú déanta ag an Údarás Baincéireachta Eorpach ar na hinnéacsanna ábhartha i bhfianaise na sonraí is déanaí atá ar fáil, arb é sin na sonraí i gcoibhneas leis an mbliain 2022. Léirigh an t-athmheasúnú sin gur gá liosta na n-innéacsanna ábhartha arna n-éagsúlú go hiomchuí a thabhairt cothrom le dáta.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) Uimh. 945/2014 a leasú dá réir sin.

(3) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach.

(4) Ní thagann na leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 945/2014 chun cinn mar gheall ar athruithe ar an modheolaíocht mheasúnaithe a cuireadh i bhfeidhm. Dá bhrí sin, chun liosta na n-innéacsanna ábhartha arna n-éagsúlú go hiomchuí a thabhairt cothrom le dáta, agus chun na críche sin amháin, níor sheol an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúchán poiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla cur chun feidhme ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, ná ní dhearna sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo, ós rud é go mbeadh comhairliúchán nó anailís den sórt sin an-díréireach i ndáil le raon feidhme na leasuithe a tugadh isteach agus le tionchar na ndréachtchaighdeán teicniúil cur chun feidhme lena mbaineann. Go deimhin, níor cheart ach líon beag innéacsanna a bhaint den liosta sin mar thoradh ar an athmheasúnú, agus i gcás ar bith is líonmhara na hinnéacsanna nua a tugadh isteach ná na hinnéacsanna sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 945/2014.

([1]) IO L 176, 27.6.2013, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 945/2014 ón gCoimisiún an 4 Meán Fómhair 2014 lena leagtar síos caighdeáin theicniúla cur chun feidhme maidir le innéacsanna ábhartha arna n-éagsúlú go hiomchuí de réir Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 265, 5.9.2014, lch. 3).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Meán Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

'IARSCRÍBHINN

Innéacsanna stoic a chomhlíonann ceanglais Airteagal 344 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013

	Innéacs	Tír/Réigiún
1.	STOXX An Áise/Aigéan Ciúin 600	Réigiún an Aigéin Chiúin den Áise
2.	ASX100	An Astráil
3.	ATX	an Ostair
4.	ATX Prime	an Ostair
5.	BEL20	an Bheilg
6.	SaoPaulo — Bovespa	An Bhrasaíl
7.	TSX60	Ceanada
8.	CETOP20 Index	an Eoraip Láir
9.	CSI 100 Index	An tSín
10.	CSI 300 Index	An tSín
11.	FTSE China A50 Index	An tSín
12.	Hang Seng Mainland 100 China	An tSín
13.	OMX Copenhagen 25	an Danmhairg
14.	OMX Copenhagen Benchmark	an Danmhairg
15.	FTSE RAFI Developed 1000	Margaí forbartha
16.	CECE Composite Index EUR	Oirthear na hEorpa
17.	FTSE RAFI Emerging Markets	Margaí éiritheacha
18.	MSCI Emerging Markets 50	Margaí éiritheacha
19.	Cboe Eurozone 50	an Eoraip
20.	DJ Euro STOXX 50	an Eoraip
21.	FTSE All World Europe	an Eoraip
22.	FTSE Euro 100	an Eoraip
23.	FTSE Eurofirst 100	an Eoraip
24.	FTSE Eurofirst 300	an Eoraip
25.	FTSE Eurofirst 80	an Eoraip
26.	FTSE Eurotop 100	an Eoraip
27.	MSCI Euro	an Eoraip
28.	MSCI Europe	an Eoraip
29.	MSCI Pan-Euro	an Eoraip
30.	NTX New Europe Blue Chip	an Eoraip
31.	S&P Euro	an Eoraip
32.	S&P Europe 350	an Eoraip
33.	STOXX All Europe 100	an Eoraip

34.	STOXX All Europe 800	an Eoraip
35.	STOXX Europe 50	an Eoraip
36.	STOXX Europe 600	an Eoraip
37.	STOXX Europe 600 Equal Weight	an Eoraip
38.	STOXX Europe Lrg 200	an Eoraip
39.	STOXX Europe Lrg 200	an Eoraip
40.	STOXX Europe Small 200	an Eoraip
41.	STOXX Select Dividend 30	an Eoraip
42.	OMXH25	an Fhionlainn
43.	CAC40	an Fhrainc
44.	Cboe France 40	an Fhrainc
45.	SBF 120	an Fhrainc
46.	Cboe Germany 40	an Ghearmáin
47.	DAX	an Ghearmáin
48.	HDAX	an Ghearmáin
49.	MDAX	an Ghearmáin
50.	SDAX	an Ghearmáin
51.	FTSE RAFI All World	Domhanda
52.	MSCI World Index	Domhanda
53.	Athens General	an Ghréig
54.	FT ASE Large Cap	an Ghréig
55.	Hang Seng	Hong Cong
56.	Hang Seng China Enterprises	Hong Cong
57.	NIFTY 50	An India
58.	S&P BSE 100	An India
59.	ISEQ 20	Éire
60.	Cboe Italy 40	an Iodáil
61.	FTSE MIB	an Iodáil
62.	Nikkei225	An tSeapáin
63.	Nikkei300	An tSeapáin
64.	TOPIX 400	An tSeapáin
65.	TOPIX Core 30	An tSeapáin
66.	S&P Latin America 40	Meiriceá Laidineach
67.	FTSE Bursa Malaysia KLCI	An Mhalaeisia
68.	FTSE Bursa Malaysia Top100	An Mhalaeisia
69.	MSE Share Index	Málta
70.	INMEX Index	Meicsiceo
71.	IPC Index	Meicsiceo
72.	AEX	an Ísiltír

73.	Seriola spp.	an Ísiltír
74.	Cboe Netherlands 25	an Ísiltír
75.	NZSE50	An Nua-Shéalainn
76.	Cboe Norway 25	an Iorua
77.	OBX	an Iorua
78.	OBXP	an Iorua
79.	mWIG40	an Pholainn
80.	WIG20	an Pholainn
81.	MSCI Singapore Free Index	Singeapór
82.	Straits Times Index	Singeapór
83.	FTSE JSE Top 40	An Afraic Theas
84.	Cboe Spain 35	an Spáinn
85.	IBEX35	an Spáinn
86.	Cboe Sweden 30	an tSualainn
87.	OMX Stockholm 30	an tSualainn
88.	Cboe Switzerland 20	An Eilvéis
89.	SMI	An Eilvéis
90.	SMI MID	An Eilvéis
91.	SET 50	An Téalainn
92.	Cboe UK 100	UK
93.	FTSE 100	UK
94.	FTSE AIM 100	UK
95.	FTSE AIM UK 50	UK
96.	FTSE Fledgling	UK
97.	FTSE mid-250	UK
98.	FTSE Small Cap	UK
99.	Dow Jones Ind. Av.	SAM
100.	NASDAQ 100	SAM
101.	S&P 500	SAM’